2026/1934

11.8.2026

CINNEADH (AE) 2026/1934 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Iúil 2026

maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal (2026-2030)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar le h Airteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tugadh an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal ([1]) ('an Comhaontú') agus an Prótacal maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal (2020-2026) ([2]) i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2020/2000 ón gComhairle ([3]). Chuaigh an Prótacal ó 2020 in éag an 23 Feabhra 2026.

(2) An 23 Meitheamh 2025, thug an Chomhairle údarás don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht na Séiséal ('na Séiséil') maidir le prótacal nua i ndáil le cur chun feidhme an Chomhaontaithe. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil agus cuireadh inisealacha leis an bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal (2026-2030) ('an Prótacal') mar thoradh uirthi.

(3) Is é is cuspóir don Phrótacal é a chur ar a gcumas do shoithí de chuid an Aontais iascaireacht a dhéanamh i limistéar iascaireachta na Séiséal agus é a chur ar a gcumas don Aontas agus do na Séiséil oibriú níos dlúithe le chéile chun beartas iascaigh inbhuanaithe a fhorbairt, saothrú freagrach acmhainní iascaigh i limistéar iascaireachta na Séiséal agus san Aigéan Indiach a chur chun cinn, agus rannchuidiú le dálaí oibre cuibhiúla a chruthú i dtionscal na hiascaireachta.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal a shíniú.

(5) I bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíocht iascaireachta an Aontais i limistéar iascaireachta na Séiséal agus an ghá atá ann an tréimhse ina gcuirtear isteach ar ghníomhaíocht den sórt sin a laghdú a mhéid is féidir, ba cheart an Prótacal a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

(6) Ós rud é go gcumhdaíonn an Prótacal níos mó ná 1 bhliain airgeadais amháin, is féidir na gealltanais bhuiséadacha ghaolmhara a mhiondealú ina dtráthchodanna bliantúla ar feadh fhad an Phrótacail, i gcomhréir le hAirteagal 112(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

(7) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus thug sé tuairim uaidh an 3 Iúil 2026 ([6]),

([1]) Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal, (IO L 60, 28.2.2020, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2020/272/oj).

([2]) Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal (2020-2026) (IO L 60, 28.2.2020, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2020/272/oj).

([3]) Cinneadh (AE) 2020/2000 ón gComhairle an 27 Samhain 2020 thar cheann an Aontais Eorpaigh, maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe agus a phrótacal cur chun feidhme (2020-2026) (IO L 413, 8.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2000/oj).

([4]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([6]) Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar síniú an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal (2026-2030) a údarú, faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail sin ([7]).

Airteagal 2

Cuirfear an Prótacal i bhfeidhm ar bhonn sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 19 den Phrótacal, ón 27 Iúil 2026, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Iúil 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON

([7]) Foilsítear téacs an Phrótacail in IO L, 2026/1935, 11.8.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_prot/2026/1935/oj.